Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Aibreán 2024
(OR. en)

8083/2/24
REV 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0426(COD)**

CODEC 871
ENER 152
ENV 351
TRANS 174
ECOFIN 347
RECH 131

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 30 Meitheamh 2022[3].

4. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 16 Eanáir 2023[4].

[1] 15088/21 + ADD 1 go 7.
[2] IO C 290, 29.7.2022, lch 114.
[3] IO C 375, 30.9.2022, lch 64.
[4] IO C 89, 10.3.2023, lch 1.

5. An 12 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[5]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 102/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Iodáil agus an Ungáir ag vótáil ina choinne, agus an tSeicia, an Chróit, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSualainn ag staonadh ón vótáil.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach[6].

9. Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

5 7532/24.

6 Sula síneofar an gníomh, ceartófar botún follasach sa dara fomhír d'Airteagal 37 trí na tagairtí atá ann d'Airteagail 36, 37 agus 38 a scriosadh.